# Cúrsaí Spóirt

**Ceist 1:** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin aighneas atá idir iománaithe Chorcaí agus Gerald McCarthy.
Sula bhféachann tú ar an tuairisc, déan na ceisteanna seo a phlé leis an duine an aice leat.

Cén t-eolas atá agat maidir leis an aighneas seo cheana?
An bhfuil an ceart ag na himreoirí?
An bhfuil easpa measa á léiriú ag na himreoirí do Choiste an Chontae, dar leat?

**Ceist 2:** Aimsigh na téarmaí Gaeilge sa sliocht do na téarmaí Béarla seo a leanas.

1) Supporting_____
2) Dispute_____
3) Chairperson_____
4) Gap_____
5) Managers_____
6) Pre Warning_____
7) Strike_____
8) The National League_____

**Ceist 3:** Líon na bearnaí ón mír nuachta leis an bhfocal ceart.
Rinne an fhoireann _____ atá anois ag feidhmiú mar fhoireann Chorcaí a ndícheall. Bhí a _____ agus an slua de dhá mhíle duine nó mar sin a tháinig amach chun tacú leo bródúil astu, ach má d'éirigh le Baile Átha Cliath naoi bpointe de _____ bheith acu inné orthu, is féidir a bheith ag súil go _____ Tiobraid Árann scrios ceart orthu i nDurlas Éile an _____ seo chugainn. Bhí suas le dhá mhíle dhéag duine ar shráideanna Chorcaí arú inné, iad ag máirseáil ar son phainéal na bliana seo caite atá ar _____, a shé oiread sin is a bhí i bPáirc Uí Chaoimh inné le tacú le foireann McCarthy.

*tseachtain, bhearna, forbartha, stailc, mbainisteoir, ndéanfaidh.*

**Ceist 4:** **'An fhoireann'** a deirtear sa sliocht
Cén fáth go bhfuil séimhiú ar 'foireann' tar éis an ailt?
Cuir an t-alt leis na hainmfhocail seo agus cuir séimhiú ar na hainmfhocail bhaininscneacha.

1. Doras
2. Fuinneog
3. Cathaoir
4. Gaoth

5. Bóthar
6. Bróg

**Ceist 5:** Seo thíos cúig dhuine dhéag a bhíonn ag imirt ar fhoireann iomána. Le cabhair na léaráide thíos, déan iarracht na focail ar chlé a cheangal leis na focail ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. Goal Keeper | A. Lánchúlaí |
| 2. Right Full Back | B. Lántosaí |
| 3. Full Back | C. Lánchúlaí Clé |
| 4. Left Full Back | D. Cúl Báire |
| 5. Right Half Back | E. Leatosaí Láir |
| 6. Centre Half Back | F. Lár Páirce (1) |
| 7. Left Half Back | G. Lántosaí Deas |
| 8. Midfield | H. Leathchúlaí Láir |
| 9. Midfield | I. Leatosaí Clé |
| 10. Right Half Forward | J. Leathchúlaí Deas |
| 11. Centre Half Forward | K. Lánchúlaí Deas |
| 12. Left Half Forward | L. Lár Páirce (2) |
| 13. Right Corner Forward | M. Leatosaí Deas |
| 14. Full Forward | N. Leathchúlaí Clé |
| 15. Left Corner Forward | O. Lántosaí Clé. |



**Ceist 6:** Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa

An gceapann tú gur cheart imreoirí an C.L.G[1] a íoc? An gcruthóidh sé seo tuilleadh fadhbanna dar leat?

**Treoracha agus freagraí**

**Ceist 1** Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| Supporting | Ag Tacú |
| Dispute | Aighneas |
| Chairperson | Cathaoirleach |
| Gap | Bearna |

[1] C.L.G. = Cumann Lúthchleas Gael

| | |
|---|---|
| Managers | Bainisteoirí |
| Pre Warning | Réamhfholáireamh |
| Strike | Stailc |
| The National League | An tSraith Náisiúnta |

**Ceist 3** Rinne an fhoireann **forbartha** atá anois ag feidhmiú mar fhoireann Chorcaí a ndícheall. Bhí a **mbainisteoir** agus an slua de dhá mhíle duine nó mar sin a tháinig amach chun tacú leo bródúil astu, ach má d'éirigh le Baile Átha Cliath naoi bpointe de **bhearna** a bheith acu inné orthu, is féidir a bheith ag súil go **ndéanfaidh** Tiobraid Árann scrios ceart orthu i nDurlas Éile an **tseachtain** seo chugainn. Bhí suas le dhá mhíle dhéag duine ar shráideanna Chorcaí arú inné, iad ag máirseáil ar son phainéal na bliana seo caite atá ar **stailc**, a shé oiread sin is a bhí i bPáirc Uí Chaoímh inné le tacú le foireann McCarthy.

**Ceist 4** Tá 'foireann' baininscneach.

1. An doras
2. An fhuinneog
3. An chathaoir
4. An ghaoth
5. An bóthar
6. An bhróg

**Ceist 5**

1=D
2=K
3=A
4=C
5=J
6=H
7=N
8=F
9=L
10=M
11=E
12=I
13=O
14=B
15=G

**Ceist 6** Is féidir leo na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó mar ghrúpa.

Cúrsaí Spóirt anois, agus beidh le feiceáil amárach, cén tionchar a bheidh ag imeachtaí na[1] deireadh seachtaine i gCorcaigh ar an aighneas atá idir Gerald McCarthy agus painéal iomána na bliana seo caite. Arú inné, mháirseáil os cionn deich míle duine sa chathair[2] ag tacú leis na himreoirí atá ar stailc agus inné, buaileadh ar[3] fhoireann McCarthy sa tSraith Náisiúnta. Tá tuairisc ag Ruairí Mac an Iomaire.

Bhí Baile Átha Cliath lag i bPáirc Uí Chaoimh inné, fós féin, bhí siad i bhfad ró-láidir d'ógánaigh Gerald McCarthy.
Rinne an fhoireann forbartha atá anois ag feidhmiú mar fhoireann Chorcaí a ndícheall. Bhí a mbainisteoir agus an slua de dhá mhíle duine nó mar sin a tháinig amach le tacú leo bródúil astu, ach má d'éirigh le Baile Átha Cliath naoi bpointe de bhearna a bheith acu inné orthu, is féidir a bheith ag súil go ndéanfaidh Tiobraid Árann scrios ceart orthu i nDurlas Éile an tseachtain seo chugainn. Bhí suas le dhá mhíle dhéag duine ar shráideanna Chorcaí arú inné, iad ag máirseáil ar son phainéal na bliana seo caite atá ar stailc, a shé oiread sin is a bhí i bPáirc Uí Chaoímh inné le tacú le foireann Mc Carthy.

[2] Sa gCathair a deirtear

Agus beidh sé suimiúil cén tionchar a bheidh aige sin, má tá tionchar ar bith aige. ar ionadaithe na gcumann ag cruinniú Choiste Chontae Chorcaí san oíche amárach. Dúirt Cathaoirleach an Choiste sin, Gerry O'Sullivan le Nuacht TG4 tráthnóna nach bhfuil aon reámh-fholáireamh faighte fós acu i dtaobh rúin mhímhuiníne ná rúin ar bith eile ach an oiread a bheadh le moladh ag an gcruinniú sin ach dúirt sé nach shin le rá nach sroichfí a leithéid de rún fós mar gur féidir a leithéid a mholadh ón urlár. Níl dabht ar bith ach go bhfuil toradh chluiche an lae inniu agus an líon daoine a mháirseáil ar an Satharn ag cur go mór lena gcás siúd atá ar stailc agus ag méadú an bhrú ar McCarthy agus ar an gCoiste Chontae.

Ruairí Mac an Iomaire, Nuacht TG4.

1 an deireadh seachtaine a deirtear
2 sa gcathair a deirtear
3 buaileadh a deirtear